Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10519/26**

**LIMITE**

**CORLX 620**
**CFSP/PESC 905**
**RELEX 837**
**COHOM 93**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine[1], agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

1 IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1998/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/1998.

(2) An 8 Nollaig 2020, trí bhíthin an Dearbhaithe ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, leagtar béim ar a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach ag an Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluach de chuid an Aontais agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 23 Márta 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach nach mór an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú go hiomlán, lena n-áirítear na rialacha lena rialaítear an chaoi a ndéileáiltear le príosúnaigh chogaidh, agus cháin sí go láidir an foréigean gnéasach agus an foréigean inscnebhunaithe i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Leag sí béim ar a tiomantas daingean cuntasacht iomlán a áirithiú i leith coireanna cogaidh agus i leith na gcoireanna eile is tromchúisí a rinneadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

PUBLIC

(4) Sa ráiteas uaidh os comhair Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Cruinniú ar fhoirmle Arria maidir le 'Sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i gcoinne príosúnach cogaidh agus sibhialtach de chuid na hÚcráine' an 13 Eanáir 2025, cháin an tAontas go láidir céasadh, drochíde fhisiciúil agus marú príosúnach cogaidh Úcránach agus sibhialtach atá á gcoinneáil, d'iarr sé rochtain gan bhac do Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge ar gach duine atá á gcoinneáil, agus d'athdhearbhaigh sé gur gá cuntasacht a áirithiú maidir le sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(5) Sa chomhthéacs sin, ba cheart ochtar agus aon eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 mar a leanas::

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '139. | Alexei Viktorovich KHAVETSKY | Алексей Викторович ХАВЕЦКИЙ<br>(Rúisis) | Feidhm: Leas Cheann Slándála agus Oibre Oibriúcháin ag Coilíneacht Phionósach Uimh. 7 (Pakino, Vladimir Oblast)<br>Dáta breithe: 23.12.1989 | Is é Alexei Khavetsky Leas cheann Slándála agus Oibre Oibriúcháin ag Coilíneacht Phionósach Uimh. 7 (Pakino, Vladimir Oblast) áit ar eagraigh sé agus a ndearna sé maoirseacht ar dhrochíde córasach do phríosúnaigh chogaidh de chuid na hÚcráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Áit bhreithe: Melekhovo, Kovrovsky District, Vladimir Oblast, an Rúis<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Faoina cheannaireacht siúd, d'fhulaing príosúnaigh chogaidh na hÚcráine greadadh fisiceach tromchúiseach, turraingí leictreacha agus ocras d'aon turas. Tá Alexei Khavetsky freagrach freisin as gníomhartha foréigin ghnéasaigh agus uirísliú foircneach a eagrú, lena n áirítear iallach a chur ar phríosúnaigh nochta gníomhartha gnéasacha a ionsamhlú ar mhaithe le siamsaíocht fhoireann na coilíneachta. Agus é ina cheannasaí ar oibríochtaí slándála na saoráide, ghlac sé páirt dhíreach i mí-úsáid fhorleathan ar dhaoine agus d'éascaigh sé a leithéid.<br>Dá bhrí sin, tá Alexei Khavetsky freagrach as céasadh agus as íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 140. | Artem Nikolayevich POTAPCHUK | Артем Николаевич ПОТАПЧУК<br>(Rúisis) | Feidhm: Oifigeach Barántas Sinsearach, Cigire sóisearach an tseala dualgais ag Coilíneacht Phionósach Uimh 120 go dtí 2022; ó 2023 i leith, is fostaí é le Coilíneacht Cheartúcháin Uimh 27, Príomh Stiúrthóireacht de chuid Seirbhís Pheannaideach Chónaidhm na Rúise le haghaidh ‘Daon-Phoblacht Donetsk’<br>Dáta breithe: 6.6.1986<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann | Is é Artem Potapchuk an Leas Cheann ar phríosún Olenivka i réigiún Donetsk. Sa ról sin, sainaithníodh é in iniúchtaí iriseoireachta agus i dteistiméireachtaí marthanóirí mar dhuine a raibh baint dhíreach aige le céasadh, greadadh agus uirísliú phríosúnaigh chogaidh agus shibhialtaigh de chuid na hÚcráine. Léirítear i dtuarascálacha gur fhulaing an chuid is mó de dhaoine a coinníodh i bpríosún Olenivka céasadh córasach agus íde eile a bhí mídhaonna nó táireach.<br>Mar gheall ar a ról agus a ghníomhartha, tá Artem Potapchuk freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, lena n áirítear céasadh agus íde eile a atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Seoladh: Donetsk oblast, Makeyevka city, Kavkazskaya street, 27, apt. 2<br>Pasuimhir Úcránach: sraith MH Uimh 553834<br>Uimhir aitheantais chánach: 3156801837<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>Coilíneacht Phionósach Uimh 120 – príosún Olenivka | | |

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 141. | Dmitry NEELOV<br>ar a dtugtar freisin<br>Dmitry NEYOLOV<br>ar a dtugtar freisin<br>Dmitry NEYELOV<br>ar a dtugtar freisin<br>Dmitro NEYOLOV | Дмитрий НЕЕЛОВ<br>(Rúisis)<br>Дмитро НЕЙОЛОВ<br>(Úcráinis) | Feidhm: Céad Leas-Cheann Phríosún Olenivka<br>Náisiúntacht: Úcráinis<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Coilíneacht Phionósach Uimh. 120 – príosún Olenivka | Is é Dmitry Neelov an Chéad Leas-Cheann ar phríosún Olenivka. Sa ról sin, sainaithníodh é in iniúchtaí iriseoireachta agus i dteistiméireachtaí marthanóirí mar dhuine a bhfuil baint dhíreach aige le céasadh, greadadh agus uirísliú phríosúnaigh chogaidh agus shibhialtaigh de chuid na hÚcráine. D'fhulaing an chuid is mó de dhaoine a coinníodh in Olenivka céasadh córasach agus íde eile a bhí mídhaonna nó táireach. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ina theannta sin, shainaithnigh Seirbhís Slándála na hÚcráine agus Príomh-Ionchúisitheoir na hÚcráine rannpháirtíocht Dmitry Neelov in ollmharú phríosúnaigh chogaidh de chuid na hÚcráine in Olenivka an 28 agus 29 Iúil 2022. Tá sé freagrach go díreach as bású treallach phearsanra míleata de chuid na hÚcráine, toisc go raibh sé ar an eolas faoi iarmhairtí na bpléascanna agus líon na dtaismeach mar thoradh ar ionsaí na Rúise ar phríosún Olenivka an 28 agus 29 Iúil 2022, ach gur chuir sé moill d'aon turas ar aslonnú iad siúd a bhí gortaithe, a bhfuair roinnt acu bás mar thoradh air.<br><br>Mar gheall ar a ról agus a ghníomhartha, tá Dmitry Neelov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, lena n-áirítear céasadh agus íde eile a bhí cruálach, mídhaonna nó táireach, chomh maith le bású treallach trí gníomhartha nó neamhghníomhartha a raibh pléascanna Olenivka mar thoradh orthu agus bás phríosúnaigh chogaidh de chuid na hÚcráine ina dhiaidh sin. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 142. | Kirill Viktorovich SHAKUROV<br>ar a dtugtar freisin<br>Kyrylo SHAKUROV | Кирилл Викторович ШАКУРОВ<br>(Rúisis)<br>Кирило Вікторович ШАКУРОВ<br>(Úcráinis) | Feidhm: Oifigeach Barántas Sinsearach, Cigire sóisearach an tseala dualgais ag Coilíneacht Phionósach Uimh 120 go dtí 2022; ó 2023 i leith, is fostaí é le Coilíneacht Cheartúcháin Uimh 27, Príomh Stiúrthóireacht de chuid Seirbhís Pheannaideach Chónaidhm na Rúise le haghaidh 'Daon-Phoblacht Donetsk' | B'Oifigeach Barántas Sinsearach, Cigire sóisearach de chuid an tseala dualgais ag Coilíneacht Phionósach Uimh 120 (príosún Olenivka) é Kirill Shakurov go dtí 2022. Sa cháil sin, bhí baint aige le greadadh córasach, céasadh le húsáid mhodhanna speisialta agus eile agus uirlísliú thrúpaí de chuid na hÚcráine a gabhadh.<br>Ó 2023 i leith, is fostaí le Choilíneacht Phionósach Uimh. 27, Príomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Cheartúcháin Chónaidhme Chónaidhm na Rúise do 'Daon-Phoblacht Donetsk'.<br>Mar gheall ar a ról agus a ghníomhartha, tá Kirill Shakurov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, lena n-áirítear céasadh agus íde eile a atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Dáta breithe: 3.9.1986<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Donetsk oblast, Gorlovka city, Chernikova street, house 35, apt. 4<br>Pas Úcránach: ВК Uimh 262981<br>Eintitis chomhlachaithe: Coilíneacht Phionósach Uimh. 120 – príosún Olenivka<br>Uimhir aitheantais chánach: 3165702233 | | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 143. | Vasiliy Valerievich BAKALINSKIY<br>ar a dtugtar freisin<br>Vasyl BAKALINSKIY | Василий Валерьевич БАКАЛИНСКИЙ<br>(Rúisis)<br>Василь Валерійович БАКАЛИНСЬКИЙ<br>(Úcráinis) | Feidhm: Oifigeach Barántas agus fostaí de chuid Choilíneacht Phionósach Uimh 120<br>Dáta breithe: 17.12.1989<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Donetsk oblast, Volnovakha district, Molodezhnoye village, Novoselov street, house 6, apt. 3 | Is maoirseoir/maor é Vasiliy Bakalinskiyag Coilíneacht Phionósach Uimh 120 (príosún Olenivka). Sa cháil sin, tá baint aige le greadadh córasach, céasadh le húsáid mhodhanna speisialta agus eile agus uirlísliú thrúpaí de chuid na hÚcráine a gabhadh.<br>Mar gheall ar a ról agus a ghníomhartha, tá Vasiliy Bakalinskiy freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, lena n-áirítear céasadh agus íde eile a bhí cruálach, mídhaonna nó táireach. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Daoine aonair comhlachaithe: Kirill Viktorovich Shakurov, Yuriy Alekseyevich Dmitrenko<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Coilíneacht Phionósach Uimh 120 (príosún Olenivka) | | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 144. | Vyacheslav Nikolayevich YAKURNOV | Вячеслав Николаевич ЯКУРНОВ<br><br>(Rúisis) | Feidhm: Maor, ceann na rannóige oibriúcháin de chuid Choilíneacht<br><br>Cheartúcháin Uimh. 120, Príomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach Chónaidhm na Rúise le haghaidh 'Daon Phoblacht Donetsk'<br><br>Dáta breithe: 14.2.1981<br><br>Náisiúntacht: Úcránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Seoladh: Donetsk oblast, Donetsk city, Ovnatanyana st., bldg. 40, apt. 9 | Is é Vyacheslav Yakurnov Ceann na rannóige oibriúcháin ag príosún Olenivka i réigiún Donetsk. Sa ról sin, sainaithníodh é in iniúchtaí iriseoireachta agus i dteistiméireachtaí marthanóirí mar dhuine a raibh baint dhíreach aige le céasadh, greadadh agus uirísliú phríosúnaigh chogaidh agus shibhialtaigh de chuid na hÚcráine. Léirítear i dtuarascálacha gur fhulaing an chuid is mó de dhaoine a coinníodh in Olenivka céasadh córasach agus íde eile a bhí mídhaonna nó táireach.<br><br>Mar gheall ar a ról agus a ghníomhartha, tá Vyacheslav Yakurnov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, lena n-áirítear céasadh agus íde eile a bhí cruálach, mídhaonna nó táireach. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Pasuimhir Úcránach: sraith BA Uimh 678960<br><br>Pasuimhir na Rúise: sraith 6023 Uimh 090380<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Coilíneacht cheartúcháin Uimh. 120 – príosún Olenivka | | |

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 145. | Yan Vyacheslavovych ZANEVSKY<br>ar a dtugtar freisin<br>Ladya | Ян Вячеславович ЗАНЕВСКИЙ<br>(Rúisis) | Feidhm: Oifigeach FSB<br>Dáta breithe: 20.5.1995<br>Seoladh: Moscow, 12 Tvadovskogo Street, building 3, apt. 263; Moscow, Lobnenskaya st. 2, apt. 128 | Tá Yan Zanevsky (ailias 'Ladya'), oifigeach de chuid Sheirbhís Slándála Chónaidhm na Rúise (FSB), freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach, lena n áirítear réigiúin Kherson, Mykolaiv agus Zaporizhzhia.<br>Ina cháil mar 'choimeádaí' FSB, rinne Yan Zanevsky maoirseacht phearsanta ar choinneáil agus ar chéasadh mídhleathach sibhialtach, lena n-áirítear gníomhartha foréigin fhisiciúil agus shíceolaíoch foircneach lena n-áirítear greadadh, tachtadh agus mí-úsáid ghnéasach, agus ghlac sé páirt sna gníomhaíochtaí sin.<br>Dá bhrí sin, tá Yan Zanevsky freagrach as céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | + |

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 146. | Yuri Alekseevich DMYTRENKO | Юрий Алексеевич ДМИТРЕНКО (Rúisis) Юрій Олексійович ДМИТРЕНКО (Úcráinis) | Feidhm: Oifigeach Barántas agus fostaí de chuid Choilíneacht Cheartúcháin Uimh 120 (príosún Olenivka); Príomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach Chónaidhme Chónaidhm na Rúise le haghaidh 'Daon-Phoblacht Donetsk' | Is maoirseoir/maor é Yuri Dmytrenko ag Coilíneacht Cheartúcháin Uimh 120 (príosún Olenivka). Sa cháil sin, bhí baint aige le greadadh córasach, céasadh le húsáid mhodhanna speisialta agus eile agus uirlísliú thrúpaí de chuid na hÚcráine a gabhadh. Mar gheall ar a ról agus a ghníomhartha, tá Yuri Dmytrenko freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, lena n áirítear céasadh agus íde eile a atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | [+]'; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Dáta breithe: 11.10.1979<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: TOT of Donetsk region, Horlivka, st. Korchagina, bud. 28, sq. 32<br>Eintitis chomhlachaithe: Coilíneacht Phionósach Uimh 120 (príosún Olenivka) | | |

PUBLIC

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'B Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '42. | Ionad coinneála réamhthrialach-2 Taganrog<br>'SIZO 2' | СИЗО-2 Таганрог<br>ar a dtugtar freisin<br>ФКУ СИЗО-2 ГУФСИН России по Ростовской области<br>(Rúisis) | Seoladh: 347910, 175, Lenin Str., Rostov Region, Taganrog<br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise, Taganrog<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is é SIZO-2 (Ionad Coinneála Uimh. 2 Taganrog) ceann de shaoráidí coinneála Chónaidhm na Rúise ina gcoinnítear príosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh na hÚcráine, lena n áirítear iriseoirí agus mná.<br>Tuairiscíonn na daoine a coinníodh céasadh córasach, lena n áirítear turraingí leictreacha, greadadh, admhálacha faoi iallach, agus cineálacha eile mí-úsáide fisicí agus síceolaíche. Fuair an t iriseoir Úcránach Viktoriia Roshchyna bás sa tsaoráid sin tar éis bliain faoi choinneáil, agus roinnt comharthaí céasta, lena n-áirítear leictrealoscadh, scráibeacha agus cnámha briste le sonrú i scrúduithe fóiréinseacha a rinneadh uirthi. | +'. |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialachán seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dearbhaítear le teistiméireachtaí go bhfulaingíonn Úcránacha faoi choinneáil in SIZO-2 céasadh agus drochíde fhisiciúil go rialta, i gcóras lena mbaineann aonaid speisialta FSIN agus FSB. Ceiltear cúram leighis ar na daoine atá á gcoinneáil ann, coinnítear i ndálaí táireacha iad agus déantar bagairt orthu chun admhálacha a bhaint amach.<br><br>Tá SIZO-2 freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC